Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 21 Meitheamh 2023
(OR. en, pl)

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0195(COD)**

10867/23
ADD 1

ENV 718
CLIMA 315
FORETS 74
AGRI 346
POLMAR 37
CODEC 1170

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 10719/23 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 10607/22 + ADD 1 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hathchóiriú an dúlra<br>- Cur chuige ginearálta<br>= Ráitis |

**Ráiteas ón Laitvia**

**An Chomhairle Comhshaoil, an 20 Meitheamh 2023**

**Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hathchóiriú an dúlra**

Tacaíonn an Laitvia le príomhaidhm an togra, is é sin an dúlra a thabhairt ar ais ar fud na mór-roinne chun leas na bithéagsúlachta, na haeráide agus na ndaoine.

Mar sin féin, tá imní ar an Laitvia faoi na spriocanna cainníochtúla éigeantacha athfhliuchta agus na forálacha maidir le hithreacha orgánacha in úsáid talmhaíochta (Airteagal 9, mír 4).

Is é ár dtuairim go mbeidh tionchar díréireach ag forálacha maidir le hithreacha orgánacha a athfhliuchadh ar Bhallstáit áirithe a bhfuil dálaí aeráide ar leith acu.

Is Ballstát í an Laitvia a bhfuil ceann de na sciartha talún talmhaíochta is ísle aici (*30 % den limistéar iomlán talún*) san Aontas. Ag an am céanna, tá an Laitvia ar cheann den líon beag Ballstát a bhfuil an sciar is mó d'ithreacha orgánacha acu.

Ina theannta sin, tá ithreacha orgánacha le fáil i limistéir bheaga atá scaipthe ar fud chríoch na Laitvia. Is córas mór amháin idirnasctha comhcheangailte atá i gceist leis na tailte talmhaíochta agus na córais draenála foraoise. Thairis sin, is leis an stát, leis na bardais agus le húinéirí príobháideacha na críocha sin.

De bharr sainiúlachtaí agus cúinsí áirithe, beidh tionchar suntasach ar an talmhaíocht, atá ar cheann de na hearnálacha eacnamaíocha tosaíochta sa Laitvia, ag na spriocanna cainníochtúla agus éigeantacha le haghaidh athfhliuchadh.

Le linn Chruinnithe na Meithle um Shaincheisteanna Comhshaoil, roinn an Laitvia torthaí tuarascálacha piar-athbhreithnithe ina ndearnadh measúnú ar oiriúnacht an athfhliuchta. I roinnt tuarascálacha cinneadh go bhféadfadh bearta athchóirithe eile (mar shampla foraoisiú) a bheith níos iomchuí faoi chúinsí sonracha agus go bhféadfadh tairbhí suntasacha a bheith ag baint leo ó thaobh na haeráide de.

Méadaíonn athfhliuchadh astaíochtaí meatáin freisin, arb é an dara gás ceaptha teasa is rannchuidithí. I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh sé nach gcabhródh an t-athfhliuchadh le spriocanna aeráide LULUCF a bhaint amach.

Ina theannta sin, ós rud é go bhfuil costas ard ag baint le hathfhliuchadh agus gur próiseas sofaisticiúil teicniúil é, feictear don Laitvia gur mó an luach a bheadh ag baint le hastaíochtaí a laghdú agus ciseal níos tibhe d'ithir orgánach á athfhliuchadh aici, mar shampla hist-ithreacha, dar tiús 40 cm nó níos mó.

Ní mór cistiú a bheith ar fáil roimh ré chun na spriocanna a bhaint amach.

Chun gur fusa spriocanna aeráide agus comhshaoil an Aontais a bhaint amach, tacaíonn an Laitvia le cur chuige ginearálta a ghlacadh ag cruinniú na Comhairle Comhshaoil an 20 Meitheamh 2023.

**Ráiteas ó Phoblacht Mhálta**

Aithníonn Málta go bhfuil gá le cur chuige níos uaillmhianaí chun an dúlra a chaomhnú agus go rannchuideoidh an Rialachán seo leis an gCreat Domhanda Bithéagsúlachta chomh maith le feabhas a chur ar an athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide.

Tá Málta den tuairim, áfach, gur cheart infheidhmeacht an Rialacháin seo a dhíriú ar na sócmhainní nádúrtha sin nach bhfaigheann cosaint ón *acquis* Eorpach atá ann cheana. Is ábhar imní do Mhálta infheidhmeacht an Rialacháin seo maidir leis an limistéar scairbhe ilchríochaí. Tá sé tábhachtach cothrom iomaíochta a áirithiú agus bearta á gcur i bhfeidhm agus gur deimhin go mbainfidh gníomhaíocht den sórt sin an leibhéal cosanta is gá amach.

Tuigeann Málta go dtugtar solúbthacht le Cur Chuige Ginearálta na Comhairle maidir le cur i bhfeidhm na spriocanna athchóirithe dúlra a chumhdaítear in Airteagail 4 agus 5, lena n-áirítear an neamh-mheathlú ar thalamh agus ar uiscí mara, chomh maith le glanchaillteanas nialasach d’éiceachórais uirbeacha faoi 2030. Tá an tsolúbthacht sin ríthábhachtach toisc go bhféadfadh Ballstáit a bhfuil dlús daonra ard agus fairsinge spáis teoranta acu, mar shampla Málta, an bealach a aimsiú chun na huaillmhianta sin a bhaint amach gan cur isteach ar an reachtaíocht náisiúnta atá ann cheana a mhéid a bhaineann le beartais náisiúnta um fhorbairt. Creidimid go bhfuil sé ríthábhachtach a áirithiú gur féidir leis na Ballstáit a bPleananna Athchóirithe Dúlra a chur in oiriúint go héifeachtach chun aghaidh a thabhairt ar na brúnna sonracha atá os a gcomhair.

Féachfaidh Málta lena áirithiú go mbeidh an tsolúbthacht sin fós i gcroílár na caibidlíochta atá ar na bacáin le Parlaimint na hEorpa.

**Ráiteas ón bPolainn**

**Ráiteas ón bPolainn maidir leis an dréachtrialachán maidir le hathchóiriú an dúlra**

Tá cosaint na bithéagsúlachta agus athchóiriú an dúlra ina gcúraimí tábhachtacha do Bhallstáit an Aontais Eorpaigh, agus tá an Pholainn ag obair ar feadh na mblianta chun na spriocanna sin a bhaint amach ar bhealach freagrach. Sin é an fáth a bhfuil seasamh criticiúil á ghlacadh ag rialtas na Polainne i ndáil leis an dréachtrialachán maidir le hathchóiriú an dúlra, ag tabhairt dá aire nach féidir in aon chor na spriocanna thar a bheith uaillmhianach a leagtar amach sa dréacht a bhaint amach sa tréimhse ghearr ama sin. Is aithris cuid de na gníomhaíochtaí sa dréachtrialachán ar na réitigh atá ann cheana a mhéid a bhaineann le cur chun feidhme treoracha, ach theip ar na réitigh sin na torthaí a rabhthas ag súil leo a chur ar fáil, mar a léirítear i dtuarascálacha ón gCoimisiún.

Le linn na caibidlíochta, atá ar siúl ó mhí an Mheithimh 2022, feictear i leaganacha comharbasacha den téacs, athruithe atá ag dul sa treo ceart, agus ba mhaith leis an bPolainn buíochas a ghabháil le hUachtaránacht na Seice agus Uachtaránacht na Sualainne araon. Mar sin féin, tá amhras réasúnach ag éirí fós as foclaíocht an dréachta mar atá anois. Ba mhaith leis an bPolainn aird ar leith a tharraingt ar na saincheisteanna a mbíonn tionchar acu ar an talmhaíocht. D’ainneoin na n-athruithe ar théacs an rialacháin a mhéid a bhaineann le héiceachórais talmhaíochta, ní féidir na spriocanna a leagtar síos ina leith a bhaint amach. Go háirithe, is ábhar mór imní fós é an t-athnádúrú a bheidh le déanamh ar thailte portaigh draenáilte. Sa Pholainn, is féarthailte buana é an chuid is mó den talamh sin faoi láthair, agus iad faoi úinéireacht feirmeoirí a bhíonn á n-úsáid don táirgeadh. Dá ndéanfaí é a athfhliuchadh, chuirfí teorainn leis na féidearthachtaí d’úsáid talmhaíochta, rud a chruthódh baol do shlándáil an tsoláthair bia agus d’iomaíochas thalmhaíocht na Polainne agus an Aontais. Is mór an chúis imní don Pholainn go háirithe go mbeidh gá le hathruithe ar phleanáil spásúil agus ar úsáid talún chun spriocanna an Rialacháin a chur chun feidhme, rud a d’fhéadfadh a fhágáil go mbeadh ar oibreoirí eacnamaíocha a bpróifíl ghnó a athrú nó go mbeadh ar dhaoine nádúrtha a slí bheatha a athrú.

Is fiú a thabhairt faoi deara go dtugtar cumhachtaí leathana don Choimisiún Eorpach sa dréacht-rialachán. Agus leordhóthanacht, éifeachtacht agus éifeachtúlacht na mbeart arna nglacadh ag na Ballstáit á seiceáil aige, beidh an Coimisiún in ann a éileamh go gcuirfí chun feidhme aon bhearta breise arna gcinneadh go treallach. Ní fios na critéir don mheasúnú sin agus ní fios, go háirithe, an nós imeachta lena láimhseáiltear aon easaontais idir saineolaithe ó na Ballstáit agus oifigigh de chuid an Choimisiúin. Ní dhearnadh aon mholadh maidir leis an gcaoi a réiteofar easaontas idir an Coimisiún agus Ballstát.

Níl an maoiniú atá beartaithe do na cúraimí uaillmhianacha sin ar dhóigh ar bith leordhóthanach ach oiread, dar leis an bPolainn, agus rinneadh gannmheastachán suntasach ar na costais — mar a léiríodh le linn na hoibre. Tá sé ráite arís agus arís eile ag an bPolainn gur gá ciste tiomnaithe a chruthú d’athchóiriú an dúlra. Beidh foireann agus tacaíocht airgeadais nach beag ag teastáil freisin ó na hoifigí agus na hinstitiúidí a bheidh ag cur na réiteach nua chun feidhme, rud nár cuireadh san áireamh sa dréacht.

Is fiú a chur i bhfios go láidir freisin, dar leis an bPolainn, nach féidir in aon chor an Rialachán a chur i bhfeidhm go díreach, agus go mba ghá leasuithe iomadúla a dhéanamh ar an reachtaíocht náisiúnta dá gcuirfí chun feidhme é.

I gcomhthéacs chogadh na Rúise, atá ag éirí níos brúidiúla de réir a chéile, tá an Pholainn den tuairim go bhfuil sé contúirteach, ó thaobh chobhsaíocht eacnamaíoch agus shóisialta an Aontais de, gníomhaíochtaí costasacha den sórt sin a phleanáil nó athruithe forleathana a dhéanamh ar an gcaoi a mbainistítear spásanna, lena n-áirítear talamh a bhfuil baint aige le táirgeadh bia nó slándáil fuinnimh.